

Éire ar a seanléim arís!

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tír seo agus í ag dul i ngleic leis an víreas. Cad é go díreach ábhar na tuarascála, dar leat? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- recovering
- news agency
- progress
- referring to
- monthly ranking
- dose
- that they won't be judged
- north of the border
- from the day after tomorrow
- indoor places
- it's not legally necessary

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cad a léiríodh i rangú míosúil Bloomberg?
2. Cén fáth ar osclaíodh clinic vacsaínithe ar champas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh?
3. Cad a dúirt Eímear Nig Oireachtaigh agus An Dr. Eoin Mac Donncha?
4. Cén fáth ar luadh an figiúr 66%?
5. Cén chomhairle a tugadh do ghnólachtaí sa Tuaisceart?

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí an t-alt roimh na hainmfhocail seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír, agus athraígí iad más gá. Scríobhaigí inscne an ainmfhocail in aice le gach ceann acu.

- *tír*
- *áisíneacht*
- *iarracht*
- *seirbhís*
- *ollscoil*
- *dáileog*
- *Feidhmeannacht*
- *campas*
- *ceist*
- *breithiúnas*
- *gnólacht*

Ceist 5 An tuiseal tabharthach uatha

Éist leis an mír arís. Breac síos gach sampla a chloiseann tú den alt + réamhfhocail simplí. Baineann Sorcha Ní Mhonacháin úsáid as córas an tséimhithe mar tá canúint Uladh aice. Scríobh amach na samplaí sin sa chóras Lárnach. Mar shampla:

- ar an bhord (córas an tséimhithe)
- ar an mbord (an córas lárnach)

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil Éire ar an tír is fearr ag teacht chuici féin ón gcoróinvíreas, dar leat?
2. An mbeidh an saol i mbliana mar a bhí an saol sa bhliain 2019? Cén fáth?
3. Cén fáth a bhfuil drogall ar dhaoine áirithe an vacsaín a fháil, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis do na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair.

recovering – *ag teacht chuici féin*

news agency – *áisíneacht nuachta*

progress – *dul chun cinn*

referring to – *ag tagairt do*

monthly ranking – *rangú míosúil*

dose – *dáileog*

that they won't be judged – *nach dtabharfar breithiúnas orthu*

north of the border – *ó thuaidh den teorainn*

from the day after tomorrow – *ón lá arú amárach amach*

indoor places – *áiteanna faoi dhíon*

it's not legally necessary – *níl feidhm dhlíthiúil leis*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

an tír (bn)

an áisíneacht (bn)

an t-iarracht (fr)

an tseirbhís (bn)

an ollscoil (bn)

an dáileog (bn)

an Fheidhmeannacht (bn)

an campas (fr)

an cheist (bn)

an breithiúnas (fr)

an gnólacht (fr)

Ceist 5

Is féidir na rialacha maidir leis an dá chóras a mhíniú más gá.

An córas lárnach:

Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús consan (seachas d, t agus s), i ndiaidh *den, don, sa/san* agus urú i ngach cás eile. Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús **s** sa tuiseal tabharthach. Cuirtear **t** roimh **s** ar ainmfhocail bhaininscneacha. Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha ná bhaininscneacha a thosaíonn le guta.

Córas an tséimhithe:

Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús consan (seachas d, t agus s). Cuirtear **t** roimh an **s** ar ainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha dar tús **s**.

- ar an tír (ar an dtír a dúradh sa mhír)
- ón gcoróinvíreas
- leis an áisíneacht
- ag an Stát
- don scéal

- ar an tír
- ón víreas
- sa Stát
- ar an champas (ar an gcampas)
- leis an chéad (leis an gcéad)
- den vacsaín
- sa bhialann
- ag an Fheidhmeannacht (ag an bhFeidhmeannacht)
- faoin gcéad
- leis an vacsaín
- den teorainn
- den phobal

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá an Stát so¹ anois ar an dtír² is fearr atá ag teacht chuici³ féin ón gcoróinvíreas, sin de réir na háisíneachta nuachta *Bloomberg*. Dar leis an áisíneacht, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Stát so, cé go raibh drochthús ann, agus táimid anois i measc na dtíortha is mó ar domhan go bhfuil glacadh ard vacsaíní iontu.

Sorcha Ní Mhonacháin

Tá rath ar iarrachtaí an phobail agus na Seirbhísí Sláinte in éadan COVID-19, a dúirt Paul Reid, Ceannasaí na Feidhmeannachta Sláinte⁴ agus é ag tagairt don scéal go bhfuil an Stát seo ar an tír is fearr ag teacht chuici féin ón víreas, de réir rangú míosúil *Bloomberg*. Tá an vacsaín faighte ag 3.6 milliún duine sa Stát anois.

Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar cheann de na láithreacha a d'oscail clinic vacsaínithe ar an champas inniu agus súil acu tuilleadh daoine óga a mhealladh leis an chéad nó an dara dáileog den vacsaín a fháil.

Eímeair Nig Oireachtaigh, Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Beidh sé níos éasca dóibh gach rud a dhéanamh, *like*, suí síos sa bhialann agus dul go léachtaí. *Just*, tá sé níos éasca ar chuile⁵ dhuine má tá tú vacsaínithe. Más féidir leat a bheith vacsaínithe.

Sorcha Ní Mhonacháin

Tá súil ag an Fheidhmeannacht Sláinte an vacsaín a dháileadh ar chéad duine anseo achan⁶ lá, agus a mhacasamhail ar champais eile tríú leibhéal.

An Dr. Eoin Mac Donncha, Stiúrthóir Ionad Sláinte na Mac Léinn, OÉG

Tá tábhacht faoi leith ag baint le chuile vacsaín, le chuile dhuine a fhaigheann vacsaín, fiú muna⁷ bhfuil ach deich faoin gcéad de na mic léinn nó fiú baill foirne thart timpeall anseo nach raibh an vacsaín faighte acu nó nach raibh an cúrsa críochnaithe acu, is fiú cúnaimh a thabhairt do na daoine sin an vacsaín a fháil.

Sorcha Ní Mhonacháin

Táthar ag súil go spreagfaidh clinici dá leithéidí seo tuilleadh mac léinn le glacadh leis an vacsaín. Deirtear nach gcuirfear ceisteanna ar bith orthu cad chuige nach raibh an vacsaín faighte acu roimhe seo agus nach dtabharfar breithiúnas orthu.

Ó thuaidh den teorainn, níl an vacsaín ach ag 66% den phobal faoi thríocha bliain d'aois. Ó arú amárach amach, ní bheidh ar dhaoine fanacht méadar óna chéile i siopaí, in amharclanna agus in áiteanna faoi dhíon. Cé go gcomhairleofar do ghnólachtaí cruthúnas ar vacsaín nó ar thástáil PCR a iarraidh ar dhaoine, níl feidhm dhlíthiúil ar bith leis.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

¹ *seo* an leagan caighdeánach

² *ar an tír* an leagan caighdeánach

³ *chucu* a dúradh

⁴ *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte* an teideal oifigiúil

⁵ *gach uile* an leagan caighdeánach

⁶ *gach aon* an leagan caighdeánach

⁷ *mura* an leagan caighdeánach